**Leasú agus Aguisín a ghabhann le Ciorclán Fin 1/2021Amendment and Addendum to Circular Fin 1 / 2021**

**FAO na gCeann Airgeadais**

**17 Feabhra 2021**

D'ordaigh an tAire dom tagairt a dhéanamh do chiorclán Fin 1/2021 maidir le tarscaoileadh rátaí tráchtála R1 2021.

Tá na leasuithe seo a leanas déanta ar chiorclán Fin 1/2021 agus tá na ceisteanna coitianta breise forlíontach ar dhoiciméad na gCeisteanna Coitianta a bhaineann le ciorclán Fin 1/2021.

**Leasuithe**

1. Tá an dáta chun Aguisín A, ar lth 4 agus 5 den chiorclán a chur ar ais leasaithe go 31 Márta 2021.
2. Tá an dáta chun Aguisín B, ar lgh 4 agus 6 den chiorclán a chur ar ais leasaithe go 14 Bealtaine 2021.
3. Ar leathanach 10 den chiorclán, i liosta na gcatagóirí incháilithe in Aguisín C, tá CRUA-EARRAÍ (faoi Thrádstóras Miondíola) bainte agus curtha isteach ar leathanach 15, i liosta na gcatagóirí eisiata in Aguisín D. Ciallaíonn sé seo go bhfuil réadmhaoin lena bhfuil CRUA-EARRAÍ luaite mar úsáid (faoi Trádstóras Miondíola) eisiata ón tarscaoileadh. Tabhair faoi deara go bhfuil stádas na réadmhaoine lena bhfuil CRUA-EARRAÍ/DIY luaite mar úsáid (faoi Miondíol Neamhriachtanach (Siopaí)) fós gan athrú agus tá siad incháilithe.
4. Ar leathanach 12 den chiorclán, i liosta na gcatagóirí incháilithe in Aguisín C, tá CARRCHLÓS (OIFIG) (faoi Ilghnéitheach) agus CARRCHLÓS (faoi Oifig) bainte agus iad curtha isteach ar leathanach 15, i liosta na gcatagóirí eisiata in Aguisín D. Ciallaíonn sé seo go bhfuil réadmhaoine a bhfuil úsáid, CARRCHLÓS (OIFIG) (faoi Ilghnéitheach) agus CARRCHLÓS (faoi Oifig) acu eisiata ón tarscaoileadh.

Tá Aguisíní Athbhreithnithe C agus D ceangailte leis seo ar mhaithe le tagairt a éascú.

Is mise le meas,

Lorraine O'Donoghue

---

Lorraine O'Donoghue
Príomhaí
Airgeadas Rialtais Áitiúil